# Réamhrá



## An Curaclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha

Tá an fhís don oideachas Caitliceach fréamhaithe sa 'choincheap Críostaí agus is é sin Íosa Críost a bheith ag croílár na beatha; is eisean an Té a uaislíonn daoine, a thugann míniú do bheatha an duine, agus is eisean an eiseamláir a thugann an scoil Chaitliceach do dhaltaí' (CS 33-37).[1] Is ionann an Creideamh Caitliceach agus corpas fírinne atá le tabhairt ar láimh go dílis trí Oideachas Reiligiúnach agus caiticéis agus is ionann an tabhairt ar láimh sin agus misean an Chríostaí agus dualgas an tuismitheora, an chléir, na gceannairí reiligiúnacha, na múinteoirí agus na gcaiticeasmóirí (cf. LF 40, alt 1). Ní ionann oideachas reiligiúnach riamh agus díreach aon ábhar amháin i measc go leor ábhar i mbunscoil Chaitliceach, is ionann é agus an bhunchloch don phróiseas oideachais ina iomláine. Is oideachas ar leith é Oideachas Reiligiúnach na bunscoile Caitlicí mar go lorgaítear leis gealltanas creideamh Caitliceach na ndaltaí Caitliceach a spreagadh agus tacú leo (SGN 39). Leagtar amach san Eolaire Náisiúnta don Chaiticéis, *Share the Good News* (2010), prionsabail don Oideachas Reiligiúnach in Eaglais Chaitliceach na hÉireann (SGN caibidil 2).

Scríobhadh an curaclam don Oideachas Reiligiúnach seo do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna Caitliceacha na hÉireann, thuaidh agus theas. Forbraíodh an curaclam chun freagairt don chomhthéacs cultúir agus oideachais athraitheach ina múintear an tOideachas Reiligiúnach bunscoile sa lá atá inniu ann. Tairgtear teanga comónta oideachais do gach duine atá freagrach as cáilíocht an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh ag leibhéal na réamhscoile agus na bunscoile. Tá oideachas reiligiúnach cosúil le disciplíní acadúla eile a mhúintear i scoileanna Caitliceacha. Déanann an GDC cur síos ar an tuairim sin mar seo a leanas:

> Tá sé riachtanach, mar sin, go bhfeictear teagasc reiligiúnach i scoileanna mar dhisciplín scolaíoch agus go mbaineann na héilimh chórasacha agus an déine chéanna leis le haon disciplín eile. Caithfear teachtaireacht na Críostaíochta agus an tarlú Críostaí a chur i láthair chomh dáiríre céanna agus leis an doimhneacht chéanna agus a chuireann disciplíní eile a gcuid eolais i láthair. Níor chóir go mbeadh sé mar ní breise feadh na ndisciplíní sin, ach ba chóir go dtabharfaí faoi idirphlé idirdhisciplíneach riachtanach. (GDC 73)

Múintear oideachas reiligiúnach i mbunscoileanna oileán na hÉireann laistigh d'imthosca a fhaigheann tacaíocht ó Achtanna Oideachais san dá dhlínse.[2] Luaitear riachtanais scoileanna san *Acht Oideachais* (1998) '(*d*) chun forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn … i gcomhairle lena dtuismitheoirí, ag féachaint do spiorad sainiúil na scoile'.[3] I bPoblacht na hÉireann, is iad na comhlachtaí pátrúin éagsúla a bhíonn freagrach as an

---

[1] Chun tuilleadh eolais a fháil ar an bhfís don oideachas Caitliceach féach Comhdháil Easpag Caitliceacha na hÉireann, *Catholic Primary Schools: A Policy for Provision into the Future* (Veritas, 2007); *Vision 08 – A Vision for Catholic Education in Ireland* (2008); The Catholic Bishops of Northern Ireland, *Proclaiming the Mission – The Distinctive Philosophy and Values of Catholic Education* (2001); *Building Peace Shaping the Future* (2001); and Council for Catholic Maintained Schools, *Life to the Full: A Vision for Catholic Education* (1996); Catholic Schools Partnership, *Catholic Primary Schools – Looking to the Future* (2012).

[2] Maidir le Poblacht na hÉireann, féach Rialtas na hÉireann, *An tAcht Oideachais* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1998); maidir le Tuaisceart Éireann féach an *Education Reform Act 1988* agus the *Education Reform Order*, (Tuaisceart Éireann, 1989).

[3] Rialtas na hÉireann, *An tAcht Oideachais*, 9(d).

gcuraclam don Oideachas Reiligiúnach i mbunscoileanna a fhorbairt agus a fheidhmiú.[4] I dTuaisceart Éireann, leagtar amach sa *Revised Core Syllabus for Religious Education* (2007), arna ullmhú ag na ceithre mhóreaglaisí – Eaglais na hÉireann, An Eaglais Phreispitéireach, An Eaglais Mheitidisteach agus an Eaglais Chaitliceach Rómhánach – agus a idirbheartaíodh i gcomhar leis an Roinn Oideachais, i dTuaisceart Éireann, croílár teagaisc do mhúineadh an Oideachais Reiligiúnaigh, agus is faoi scoileanna atá sé cur leo sin ar shlí a oireann do riachtanais a ndaltaí agus d'éiteas na scoile.[5] Sa dá dhlínse, soláthraíonn an curaclam don Oideachas Reiligiúnach teagasc foirmiúil i nithe maidir le creideamh, luachanna agus cleachtas a ullmhaíonn an páiste óg chun cur ar a chumas/cumas a gcreideamh pearsanta a léiriú dá dtoil féin agus go hintleachtúil laistigh den teaghlach, den Eaglais agus den tsochaí níos leithne (SGN 39).

## Saol na hEaglaise in Éirinn

Soláthraíonn an tEolaire Náisiúnta don Chaiticéis, *Share the Good News*, an fhís maidir le conas a thuigtear an tOideachas Reiligiúnach Caitliceach, moltar eiseamláir d'Oideachas Reiligiúnach leanúnach agus forásach agus múnlú an chreidimh feadh na mblianta ar scoil. San fhís sin, cuidíonn Oideachas Reiligiúnach sa bhunscoil leis an bpróiseas ina dtugtar cuireadh do pháistí Caitliceacha 'maireachtáil sa phobal agus a bheith rannpháirteach go gníomhach i saol agus i misean na hEaglaise' (GDC 86; SGN 99). Glacann an cineál Oideachas Reiligiúnach sin leis go soláthraíonn saol agus éiteas na scoile Caitlicí an fhinnéacht agus an comhthéacs pobail chun go bhféadfaí an tuiscint sin a fhorbairt. Go hidéalach, seasann obair na scoile go cliathánach leis an tslí a bhíonn an creideamh á chleachtadh ag baile agus sa pharóiste (SGN 39, 91) agus comhordaítear an tOideachas Reiligiúnach sa scoil leis an gcaiticéis agus mar a bhíonn na sacraimintí á dtionscnú sa teaghlach agus sa pharóiste (SGN 39, 102, 152). Toisc go bhfeictear caiticéis dhaoine fásta anois mar an príomhchineál caiticéis san Eaglais (GDC 20; CT 43; SGN 68-9), déanfar Oideachas Reiligiúnach scoilbhunaithe do páistí óga a dhéanamh i gcomhthéacs *foghlaim ar feadh an tsaoil* ó thaobh reiligiúin. Tá impleachtaí soiléire aige sin don méid ábhar agus do na cineálacha próiseas a fhaightear i gcuraclam na bunscoile don Oideachas Reiligiúnach, chomh maith leis na cineálacha eolais agus scileanna a bhreithnítear a bheith inmhianaithe do pháistí óga ag tús an tríú mílaois.

Léirítear fís oideachais i *Share the Good News* don Eaglais in Éirinn atá múnlaithe ar mhúnla tréadach: 'fís de phobal an pharóiste mar phobal caiticeasmach; aitheantas don ghá atá ann go leanúnach do chúram spioradálta gach oideachasóir, tuismitheoir/caomhnóir, múinteoir, ministir paróiste; agus go roinnfear smaointe, freagrachtaí agus acmhainní níos minice ag leibhéal na deoise agus an pharóiste' (SGN 100). Sa mhúnla tréadach sin tá róil atá éagsúil ach a bhfuil ceangail acu le chéile ag an mbaile, ag an scoil agus ag an bparóiste:

> **An teaghlach:** Is iad tuismitheoirí/caomhnóirí príomhoideachasóirí creideamh a gcuid páistí. Sa bhaile is féidir leo an saol a chaitear le creideamh a chur in aithne do dhaoine óga trí bheith ag guí, an mhoráltacht a mhúnlú, grá agus athmhuintearas a léiriú ó lá go lá, sampla maith a thabhairt agus turas an chreidimh a roinnt leo. Cuidíonn siad freisin mar is cuí le teagasc foirmiúil

[4] Éire, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, *Curaclam na Bunscoile: Réamhrá* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1999), lch. vi.

[5] *Revised Core Syllabus for Religious Education* (CSRE). Ar fáil ó www.deni.gov.uk. Tá an croí-siollabas curtha san áireamh agus an curaclam náisiúnta seo á phleanáil agus tá naisc dhíreacha léirithe idir lúibíní.

chreideamh na bpáistí agus an creideamh a chur in aithne dóibh trí bheith rannpháirteach i gcaiticéis paróistebhunaithe (SGN 91-8). Tógann na scoileanna Caitliceacha ar an mbunchloch sin agus oibríonn siad i gcomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí i dTeagasc Reiligiúnach a gcuid páistí.[6]

Is sa **pharóiste** a fhoghlaimíonn an páiste cad atá i gceist le hadhradh, is ann a chuireann siad aithne ar Chríost sna sacraimintí, agus trí theagmháil leis an bpobal Críostaí a mbíonn lámh acu go praiticiúil in obair mhisinéireaht don domhan. Is féidir le cláir chaiticeasmach paróistebhunaithe tacú le caiticéis teaghlaigh, ullmhú do na sacraimintí sa scoil, an liotúirge a mhúnlú agus go leor deiseanna éagsúla a sholáthar do ghníomh aspalda agus d'fhás spioradálta pearsanta.

**An Scoil:** Tá an t-oideachas reiligiúnach sa bhunscoil Caitliceach comhdhéanta de dhá ghné ar leith a chuidíonn lena chéile, is iad sin, an ghné oideachais agus an ghné a bhaineann le creideamh a mhúnlú (SGN 38, 39, 99-100). Dírítear sa chéad ghné, dá dtagraítear curaclam reiligiúin de ghnáth, ar an gcineál Oideachais Reiligiúnaigh a dhíríonn ar mhúineadh agus ar luachanna na hEaglaise Caitlicí. Cuirtear ar chumas páistí scileanna litearthachta spioradálta, morálta agus reiligiúnach a fhoghlaim a thugann eolas dóibh agus a chuireann lena dtuiscint ar an gcreideamh Críostaí, á gcumasú chun freagra feasach, stuama a fhorbairt ar ghlaoch Dé chun caidrimh. Is léiriú iad na torthaí *Oideachas Reiligiúnach* sa churaclam seo ar an gcéad ghné sin. Forbraíonn an dara gné, creideamh a mhúnlú, carachtair na bpáistí maidir le suáilcí agus luachanna Íosa; tugtar tacaíocht dóibh a gcreideamh a fhorbairt, agus cuidítear leo taithí a fháil ar cad a chiallaíonn sé a bheith mar dhuine de phobal na hEaglaise a ghlaoítear mar fhinné d'Íosa chun seirbhíse daoine eile (SGN 39, 101). I gcomhthéacs na scoile Caitlicí, tá an tOideachas Reiligiúnach mar chuid de chineálacha eile de mhinistreacht an bhriathair (an chaiticéis, ceiliúradh liotúirgeach, gníomhaíochtaí maidir le ceartas sóisialta srl.) agus cuireann sé leo. Léiríonn na *spriocanna chun an creideamh a mhúnlú* sa churaclam seo an dara gné seo. Ach, is iomaí sin deis a bhíonn ag an scoil ina hiomláine chun múnlú an chreidimh a chothú.

### Ag freagracht d'athrú reiligiúnach agus cultúir

Éilíonn teagasc na hEaglaise gur áiteanna iad scoileanna Caitliceacha a mbíonn meas agus luach ar gach uile duine agus go n-aithnítear na céimeanna creidimh ag a bhfuil gach duine aonair go réalaíoch agus go bhfreagraítear dóibh go híogaireach. Maidir le formhór na bpáistí, tacaíonn an curacalam don Oideachas Reiligiúnach sa bhunscoil Caitliceach lena n-oideachas caiticeasmach agus a dtionscnamh leanúnach mar Chríostaithe baistí (GDC, 51; SGN 102, 152). D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh roinnt de na Caitlicigh iompaithe go hiomlán ar an gCríostaíocht agus d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt páistí eile a bheadh ag ullmhú don Bhaiste (SGN 32). Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar mhúinteoirí cuir chuige a chomhtháthú don réamh-shoiscéalaíocht, don soiscéalaíocht agus don chaiticéis ag tráthanna éagsúla do dhaltaí éagsúla sa scoil Chaitliceach.[7]

[6] Samhlaítear go gcuideoidh 'Treoirlínte don Oideachas Reiligiúach sa Bhaile agus sa Pharóiste' leis an gcuraclam seo.
[7] Tugtar soiléiriú sa Litir ar Oideachas Reiligiúnach i scoileanna ón gCuallacht don Oideachas Caitliceach (2009) nach n-éilíonn 'Oideachas Reiligiúnach' i scoileanna go n-aontófaí le creideamh, agus mar sin go bhfuil sé difriúil ón 'gcaiticéis' agus go gcuidíonn sé leis. Cuallacht don Oideachas Caitliceach, *Religious Education in Schools Fits into the Evangelising Mission of the Church* (8 Meán Fómhair 2009). Féach freisin RDEC 68-9, c.f. GDC 73; SGN 39; EIDCS 74.

Tagann páistí ar scoil agus eispéiris éagsúla acu maidir le creideamh reiligiúnach agus coincheapa reiligiúnacha. Tá múinteoirí iad féin ionadaíoch san éagsúlacht atá sa tsochaí ilchultúir atá againn, agus ó thaobh a gcuid oibre bíonn taithí leathan acu chomh maith le leibhéil éagsúla den tiomantas don chreideamh. Agus scéimeanna oibre á ndréachtú agus á bhfeidhmiú, ní mór do gach aon duine atá páirteach meas a bheith acu ar riachtanais an Oideachais Reiligiúnaigh mar dhisciplín acadúil dáiríre ach ní mór dóibh freisin meas a bheith acu ar na castachtaí agus ar na dúshláin don chreideamh reiligiúnach a airíonn páistí, a dteaghlaigh agus múinteoirí. Tá feidhm le treoirphrionsabal ar shaoirse mar a d'fhógair an Dara Comhairle Vatacáine leis an Oideachas Reiligiúnach:

… ó bunaíodh an Eaglais an chéad lá riamh, rinne deisceabail Chríost iarracht an creideamh a roinnt le daoine … ní trí iallach a chur orthu ná trí bhealaí eile nach raibh dílis don soiscéal, ach trí chumhacht Bhriathar Dé thar aon ní eile. (DH 11)

Seasann Eoin Póll II, in *Catechesis in Our Time,* le 'dualgas ollmhór' na scoile 'oiliúint sa reiligiún a thairiscint do na himthosca an-éagsúla go minic a bhíonn i measc daltaí' (CT 69). Athdhearbhaíodh an pointe sin in *Lay Catholics in Schools – Witnesses to Faith,* ina dtugtar ar aird an tábhacht atá le meas a bheith agat ar an gcoinsias. Glactar leis go mbeidh 'leibhéil éagsúla d'fhreagra creidimh' i measc daltaí Caitliceacha agus luaitear 'go gcaithfear fís na Críostaíochta den bheatha a chur i láthair ar bhealaí a bheidh in ann freastal ar na leibhéil sin go léir' (LCS 28; cf GDC 51, 75, 180).

### Cuimsiú gach páiste sa scoil Chaitliceach

Tá pobail oscailte, fáiltiúil agus uilechuimsitheach i scoileanna Caitliceacha. Mar sin is féidir le scoileanna Caitliceacha páistí a bhfuil reiligiúin eile acu nó a chloíonn le cleachtais mhaireachtála eile a chur san áireamh. Agus iad eolach ar a ndualgas creideamh, luachanna agus cleachtais sainiúla an phobail Chaitlicigh a mhúineadh, beidh ar mhúinteoirí meas agus tuiscint a léiriú do chách:

Ní mór d'oideachasóirí Caitliceacha … meas ollmhór a bheith acu ar na daltaí sin, nach daltaí Caitliceacha iad. Ní mór dóibh a bheith oscailte ag gach tráth d'idirphlé iontaofa, agus iad a bheith cinnte de sna himthosca sin gurb í an fhianaise is fearr is féidir leo a thabhairt dá gcreideamh féin ná léirthuiscint chroíúil agus mhacánta ar gach duine atá ag lorg Dia go hionraic de réir a choinsiasa nó a coinsiasa féin (LCS 42).

# An tOideachas Reiligiúnach Caitliceach i gCuraclam na Bunscoile (1999)

I bPoblacht na hÉireann, tá tionchar ag an gcuraclam don Oideachas Reiligiúnach Caitliceach ar aidhmeanna sonracha agus ar chuspóirí ginearálta Churaclam na Bunscoile (féach PSC, Réamhrá, 34) mar seo a leanas:

1. ***Cuireann oideachas reiligiúnach 'ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh, agus a (h)acmhainn mar dhuine uathúil a thabhairt chun críche' (PSC, Réamhrá, 7).***

   **Oideachas Reiligiúnach Caitliceach:**
   - tugtar eolas atá oiriúnach d'aois an pháiste ar fáil d'ábhar an chreidimh Chaitlicigh mar atá leagtha amach i *Caiticeasma na hEaglaise Caitlicí*, cáipéisí ón Dara Comhairle Vatacáine agus cáipéisí eile de chuid na hEaglaise
   - cuidítear le páistí an poitéinseal atá acu caidreamh a bheith acu le hÍosa Críost a tháinig ar an saol chun go bhféadfaimis 'saol chomh iomlán agus is féidir a bheith againn' (Eoin 10:10) a aithint agus a fhorbairt
   - cuidítear le páistí a bheith ar an eolas go bhfuil siad féin agus gach duine daonna cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé, go bhfuil siad cruthaithe d'aon turas ag Dia agus an bheatha shíoraí mar chinniúint acu
   - cothaítear braistint suáilcí agus an ról riachtanach atá ag grásta an duine maidir le peacaí agus fulaingt
   - cuirtear ar chumas páistí saol iomlán a bheith acu le Dia, iad lánsásta leis an mbeatha shíoraí agus nach ionann é agus 'rud éigin a shamhlaíonn an duine… [ach] … atá ann cibé áit a bhfuil grá do Dhia agus cibé áit a bhfuil tionchar aige orainn' (*Spe Salvi*, An Pápa Beinidict XVI, uimh. 31)
   - faigheann páistí cabhair chun luachanna spioradálta, morálta agus reiligiúnach Críostaí a fhorbairt agus déantar iarracht eolas, coincheapa, scileanna agus tuairimí reiligiúnacha a chomhtháthú le forbairt phearsanta agus saol spioradálta an pháiste
   - dírítear i ndáiríre ar chomhthéacs pearsanta na bpáistí sa domhan ina bhfuiltear ag fás aníos, agus tuigtear go bhfuil gá ann clár teagaisc agus foghlamtha a struchtúrú ina dtugtar ar aird a bhfeasacht, a dtuairimí agus a gcumais, nithe atá á bhforbairt acu
   - cuirtear ar chumas páistí a bheith in ann iad féin a chur in iúl go soiléir agus go muiníneach trí leas a bhaint as raon nithe chun iad féin a chur in iúl, teanga, siombailí, léiriúchán agus cur in iúl fisiciúil



- forbraítear cumas páistí a n-aighne a bheith oscailte, léirthuiscint ar nithe aistéitiúla, cur in iúl agus freagraí cruthaitheacha
- cuirtear forbairt mhothúchánach agus fhisiciúil, sláinte agus folláine na bpáistí chun cinn
- cuirtear forbairt cultúir, céannacht cultúir Caitliceach agus cleachtais chultúir na bpáistí chun cinn.

2. ***Cuireann oideachas reiligiúnach 'ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta trí chónaí agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin a c(h)ion féin a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí.' (PSC, Réamhrá, 7).***

   **Oideachas Reiligiúnach Caitliceach:**
   - cuirtear ar chumas páistí tuiscint a fhorbairt ar cad a chiallaíonn sé a bheith mar chuid den Eaglais Chaitliceach agus ar mhisean na hEaglaise a bheith i mbun seirbhíse don domhan
   - forbraítear scileanna idirphearsanta agus inphearsanta, cothaítear feasacht dhearfach ar an duine féin, a bheith tuisceanach faoi dhaoine eile, féindisciplín agus meon freagrach ar an duine féin, ar dhaoine eile agus ar an imshaol
   - cuirtear go mór le cuimsiú agus le comhtháthú pobail, go háirithe agus an fócas ar mheas a chur chun cinn do chách
   - tugtar tacaíocht do pháistí a luachanna féin a fhorbairt agus machnamh a dhéanamh ina leith agus ar a gcumas breithiúnais mhorálta a dhéanamh, ar an tslí sin cuirtear le Leas an Phobail
   - cuirtear luach ar mheas a bheith ar éagsúlacht reiligiún agus ar dhifríochtaí cultúir, ag dul i ngleic le claontacht agus le hidirdhealú agus cuidiú le cur chun cinn caoinfhulaingthe agus síocháin idir chreidimh sa tsochaí
   - bíonn ceangal láidir le foghlaim don saoránacht náisiúnta agus domhanda agus maidir le cúram don domhan
   - cuidítear le páistí a bheith gníomhach le ceisteanna dúshlánacha spioradálta, morálta agus sóisialta a thagann aníos ina saol agus sa tsochaí
   - cuidítear le páistí machnamh a dhéanamh ar mar a leanann gníomhartha agus ábhar imní áirithe sa tsochaí ó thiomantas reiligiúnach.

3. ***Ullmhaíonn oideachas reiligiúnach an páiste d'oideachas breise agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil.' (PSC, Réamhrá, 7).***

   **Oideachas Reiligiúnach Caitliceach:**
   - cuirtear go suntasach le scileanna litearthachta páistí, lena n-áirítear úsáid as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT)
   - cuirtear chun cinn a gcumas a bheith ag smaoineamh go criticiúil agus meastóireacht a dhéanamh ar a ndearcadh féin agus ar dhearcadh daoine eile ar bhealach réasúnach agus feasach, agus foghlaim a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna nua
   - múintear páistí conas a bheith rannpháirteach i bhfoghlaim neamhspleách agus comhoibríoch, chomh maith le conas scileanna a fhorbairt a éascóidh le haistriú foghlama
   - forbraítear léirthuiscint ar luach agus ar chleachtas foghlama ar feadh an tsaoil, agus is é an toradh a bhíonn air go mbítear níos fiosraí agus iad ag iarraidh nithe a cheistiú
   - spreagtar obair idirdhisciplíneach
   - tá sé mar aidhm éascú le haistriú ón Oideachas Reiligiúnach bunscoile go dtí an iarbhunscoil.

# Gnéithe den Churaclam Oideachas Reiligiúnach Caitliceach a Shainmhíniú

Sa scoil Chaitliceach is ionann an peirspictíocht uileghabhálach don teagasc agus don fhoghlaim ó thaobh an reiligiúin agus an traidisiún Caitliceach Rómhánach agus na creidimh agus na cleachtais lena mbaineann. Bhí na cuir chuige curaclam bunaithe ar an dá mheon déag seo a leanas maidir le hábhar, forbairt scileanna agus léirthuiscint ar luachanna.

### Dearcadh na hEaglaise

Rinneadh forbairt ollmhór ar thuiscint mhisean na hEaglaise an soiscéal a chraobhscaoileadh i gcáipéisí an Dara Comhairle Vatacáine (1962-65) agus roinnt cáipéisí eile a eisíodh ó thráth na Comhairle. In 1971, foilsíodh an *General Catechetical Directory* agus rinneadh an cháipéis sin a athbhreithniú agus a nuashonrú san *General Directory for Catechesis* nua in 1997. Rinneadh machnamh ag seisiúin Shionad na nEaspag maidir le soiscéalaíocht in 1974 agus maidir le caiticéis in 1977. Foilsíodh *Catechesi Tradendae* (An Chaiticéis lenár Linn) in 1979. In 1988, d'fhoilsigh an Chuallacht don Oideachas Caitliceach cáipéis ar Oideachas Reiligiúnach, *The Religious Dimension of Education in a Catholic School,* agus in 1994 foilsíodh *Caiticeasma na hEaglaise Caitlicí* mar 'théacs tagartha' d'easpaig agus dóibh sin a bhíonn ag ullmhú siollabas, ábhair curaclaim agus cláir chaiticeasmacha (FD 3). Tá na cáipéisí sin mar acmhainn bhunúsach do phobal Caitliceach na hÉireann mar gur léiriú atá ann ar a bhfreagracht an soiscéal a chraobhscaoileadh agus a bheith mar fhinné chuige, sa chultúr áirithe seo, ag an am áirithe seo. Déantar cur síos san Eolaire Náisiúnta don Chaiticéis, *Share the Good News*, ar na príomhphrionsabail ó na cáipéisí sin agus cáipéisí eile don Oideachas Reiligiúnach i gcomhthéacs na hÉireann. Beidh cláir bunaithe ar an gcuraclam seo ag cloí leis na prionsabail agus leis na treoirlínte atá léirithe i *Share the Good News.*

Tá an curaclam seo bunaithe ar an Scrioptúr Naofa agus ar Thraidisiún agus tá *Caiticeasma na hEaglaise Caitlicí* (1994) ina chur i láthair údarásach, dílis agus cinnte. Ar na foinsí tábhachtacha eile d'ábhar an churaclaim don Oideachas Reiligiúnach bunscoile Caitliceach tá cáipéisí an Dara Comhairle Vatacáine, go háirithe an ceithre Bhunreacht, (*Dogmatic Constitution on Divine Revelation, Pastoral Constitution on the Church in the Modern World, Dogmatic Constitution on the Church, Constitution on the Sacred Liturgy*), *General Directory for Catechesis* (1997), the *Compendium of the Social Teaching of the Church* (2004), *Share the Good News, An tEolaire Náisiúnta don Chaiticéis* (2010), *Irish Catholic Catechism for Adults* (2014), cáipéisí ar oideachas Caitliceach, imlitreacha an phápa, chomh maith le cáipéisí tábhachtacha de chuid na Vatacáine ina dtugtar aghaidh ar iarratas don idirphlé idir Caitlicigh agus daoine a bhfuil creidimh eile acu.[8]

### Dearcadh Sacraimintiúil

Cuid thábhachtach den Oideachas Reiligiúnach do bhunscoileanna Caitliceacha is ea oideachas don tuiscint agus do rannpháirtíocht i sacraimintí na hEaglaise. Agus iad sa bhunscoil,

[8] *Nostra Aetate.* Forógra faoi bhaint na hEaglaise le Reiligiúin neamh-Chríostaí (1965); *Dignitatis Humanae.* Dearbhú maidir le Saoirse Creidimh (1965); *Redemptoris Missio* (1991); *Attitude of the Church Towards the Followers of Other Religions* (1984); *Dialogue and Proclamation* (1991); *Catechism of the Catholic Church* (1994); *Dominus Iesus.* On the Unicity and Salvific Universality of Jesus Christ and the Church (2000), *Educating to Intercultural Dialogue in Catholic Schools* (2013).

ullmhaítear páistí Caitliceacha de ghnáth do thrí shacraimint: An Chéad Chomaoineach, An Chéad Fhaoistin/Aithrí agus an Cóineartú. Cuirtear ar a gcumas forbairt a dhéanamh ar an eolas agus ar an tuiscint atá acu orthu agus ar shacraimintí eile (An Baiste, Ola na nEaslán, An Pósadh, na hOird Coisricthe) a bhíonn oiriúnach dá n-aois agus faigheann siad an bhunchloch d'oideachas na sacraimintí san iarbhunscoil agus ina dhiaidh sin. Glacann an dearcadh sacraimintiúil leis go n-oibríonn na príomhghníomhairí in Oideachas Reiligiúnach na bpáistí - an baile, an paróiste agus an scoil - i gcomhar le chéile, agus go mbíonn ról tábhachtach ag gach aon cheann in oideachas sacraiminte foriomlán an pháiste (féach leathanach 13). Déanfar cláir oideachais reiligiúnacha bunaithe ar an gcuraclam seo a struchtúrú ar shlí chun go mbeidh an teaghlach agus an paróiste gníomhach in oideachas sacraiminte na bpáistí.

### An Dearcadh Spioradálta/Urnaí

Tá sé mar aidhm leis an gcuraclam don Oideachas Reiligiúnach Caitliceach spioradáltacht Chríostaí shoiléir a chothú. Is ionann spioradáltacht Chríostaí agus Íosa a leanúint i gcleachtas trí ghrá a thabhairt do Dhia agus do do chomharsa. Tá an spioradáltacht fréamhaithe in eispéireas de chaidreamh pearsanta a bheith agat le hÍosa Críost. Múintear do pháistí conas an saol a chaitheamh i Spiorad Íosa agus iad ag urnaí, i mBriathar Dé, sna sacraimintí agus ina saol féin. Cuirtear ar a gcumas tuiscint a fháil ar mar a chothaítear spioradáltacht Chríostaí sa phobal creidimh, san Eaglais.

Éilíonn an creideamh Caitliceach 'go gcreidfeadh pobal na heaglaise ann, go mbítear ag ceiliúradh an chreidimh agus go maireann siad agus caidreamh riachtanach agus pearsanta acu le Dia beo agus dílis. Is ionann an caidreamh sin agus urnaí' (ChEC 2558). Mar sin, tá oideachas don urnaí agus conas urnaí a dhéanamh ag croílár an churaclaim don Oideachas Reiligiúnach. Is é an sprioc deiridh atá ann go múinfí do pháistí conas a gcaidreamh le Dia a fhorbairt trí urnaí, chun go gcuirfidh siad aithne ar chroílár Dé féin mar An tAthair, An Mac agus An Spiorad Naomh (An Tríonóid).

### An Dearcadh Oideachais

I bPoblacht na hÉireann, tá Oideachas Reiligiúnach ar cheann de sheacht réimse curaclaim i gCuraclam na Bunscoile (1999). Seo a leanas cáipéisí eile a thacaíonn agus a chuireann le Curaclam na Bunscoile a bhfuil baint acu le hOideachas Reiligiúnach sna bunscoileanna Caitliceacha: *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (2007), *Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Mhúinteoirí* (2004), *An Creat ICT* (2007), *Scoláirí atá fíor-ábalta : Dréacht-Threoirlínte do Mhúinteoirí* (2007), *Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí a bhfuil Míchumais Ghinearálta Foghlama acu* (2007), *Béarla mar Theanga Bhreise: Treoirlínte do Mhúinteoirí* (2005) agus *Na hEalaíona sa Chairt Oideachais* (2012).

Tá an curaclam don Oideachas Reiligiúnach Caitliceach struchtúrtha ar shlí a thagann leis an gcuid eile de churaclam na bunscoile i bPoblacht na hÉireann. Soláthraíonn an múnla curaclaim atá roghnaithe foirmle curaclaim do mhúinteoirí atá cosúil leis an sé réimse eile de churaclam na bunscoile chun éascú le pleanáil oideachais agus comhtháthú le réimsí eile den churaclam.

Leagann *The Education Order Northern Ireland* (2007) amach riachtanais reachtúla a bhaineann leis an gcuraclam i dTuaisceart Éireann. Tá an curaclam reachtúil comhdhéanta d'Oideachas Reiligiúnach agus cúig réimse leathan staidéir ag an mbunleibhéal. Tá *The Northern Ireland Core*

*Syllabus for Religious Education* (2007) éigeantach do chách. Nuair is féidir, tá an croí-shiollabas ionchorpraithe i gcuraclam na bunscoile don Oideachas Reiligiúnach.

### An Dearcadh Luath-óige

*Síolta: An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* (2006) agus *Aistear:* Leagtar amach i g*Creat-Churaclam na Luath-Óige* (2009) na cineálacha eispéireas foghlama a bheifí ag súil a bheadh ag páistí go dtí aois sé bliana d'aois i bPoblacht na hÉireann. Is creatlach curaclaim téama-bhunaithe é *Aistear* ina bhfeictear dearcadh spioradálta fhoghlaim pháistí óga mar chuid lárnach d'fhorbairt fhoriomlán an pháiste (Ais 10, 17). I dTuaisceart Éireann, soláthraíonn *Curricular Guidance for Preschool Education* (2000) treoirlínte dóibh sin a bhíonn ag obair le páistí sa bhliain sula dtosaíonn siad ar oideachas éigeantach. Leagtar amach sa treoir an raon deiseanna foghlama ba chóir do pháistí an aois seo a bheith acu trí spraoi agus eispéiris iomchuí eile.

Tarraingíonn curaclam na bunscoile Caitlicí don Oideachas Reiligiúnach ar na prionsabail náisiúnta d'fhoghlaim agus d'fhorbairt luath-óige atá leagtha amach in *Aistear* (Ais 7). Nuair is féidir, tá na bealaí ina mbíonn gach aon cheann de na snáitheanna ag cur leis na spriocanna foghlama luathóige tugtha ar aird idir lúibíní. Roghnófar téamaí don oideachas reiligiúnach sa seomra ranga luath-óige chun obair idirdhisciplíneach a spreagadh (Féach SGN 100 freisin).

Nóta: Is i dTuaisceart Éireann is mó atá fáil ar réamhscoileanna Caitliceacha. Ní dhéantar talamh slán de go mbeidh Oideachas Reiligiúnach faighte ag páistí a bheidh ag dul i ngleic leis an gcuraclam ag Leibhéal 1 (Naíonáin Shóisearacha- Shinsearacha; an Bunleibhéal) ag leibhéal na réamhscoile.

### Dearcadh na Soiscéalaíochta, an Mhisin agus an Cheartais (SGN 13, 112-25; EG 111)

> 'Déantar soiscéalaíocht ag umhlaíocht do mhandáid misinéireachta Íosa. 'Imígí, dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh, ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil. ' (Mth 28:19-20). Sna véarsaí sin, feictear mar a chuir Críost a bhí aiséirithe ó na mairbh a chuid deisceabail amach chun an Soiscéal a chraobhscaoileadh ag gach tráth agus áit, chun go mbeadh an creideamh ann á scaipeadh ar fud an domhain uile.' (EG 19)
>
> Mar chuid de mhisean riachtanach soiscéalaíochta na hEaglaise, táthar rannpháirteach in Oideachas Reiligiúnach i scoileanna. (SGN 38-40)

Leagtar amach go soiléir san Eolaire Náisiúnta don Chaiticéis, *Share the Good News* (2010) an tábhacht atá le misean agus ceartas do scoileanna Caitliceacha agus don chineál Oideachas Reiligiúnach a mhúintear sna scoileanna sin:

> Trí riachtanais oideachais gach páiste a aithint agus freagairt dó, cuirfidh an scoil Chaitliceach rogha don cheartas i bhfeidhm, go háirithe maidir leis na bochtáin agus daoine faoi mhíbhuntáiste (SGN 148).
>
> Is mian leis an Eaglais Chaitliceach in Éirinn a chinntiú go ndéanfar soláthar do gach foghlaimeoir a bheith rannpháirteach go hiomlán sna próisis oideachais, beag beann ar riachtanas, ar chumas ná ar chúlra (SGN 113).

> Coimeádfaidh [oideachas reiligiúnach] an ceartas agus flaithiúlacht chun cinn, déanfar iarracht réiteach a fháil ar aon idirdhealú, claontacht nó éagothroime (SGN 115).

Ag teacht leis na spriocanna sin, ionchorpraítear cur chuige forbartha oideachais sa churaclam reiligiúnach sa bhunscoil a thabharfaidh deis shuntasach agus chuí do pháistí an creideamh atá á fhorbairt acu a chur i bhfeidhm. Leis an gcur chuige sin cuirtear coincheapa na dlúthpháirtíochta, ceartas do na bochtáin, trócaire, flaithiúlacht, uilechuimsitheacht, comhbhá agus freagracht i láthair na bpáistí. Tá dhá phríomhdhearcadh san áireamh le hoideachas forbartha: dearcadh an cheartais agus an dearcadh uilíoch. Déanfar an dearcadh uilíoch a léiriú sna scéalta, sna paidreacha, sna hamhráin, sna dánta agus sna híomhánna a roghnaíonn múinteoirí agus scríbhneoirí cláir. Faightear dearcadh an cheartais sa snáithe 'Moráltacht Chríostaí' faoin snáithaonad: 'Teagasc Sóisialta na hEaglaise'. Déanfar deiseanna do ghníomh ar ábhair uilíoch agus cheartais a shnoigh isteach i gcláir don Oideachas Reiligiúnach chun go mbeadh ar chumas na bpáistí freagairt do na hábhair atá á scrúdú acu. Déanfar ábhair Charghais Trócaire a chomhtháthú san churaclam don Oideachas Reiligiúnach.[9]

### An Dearcadh Éacúiméineach agus Idir-Reiligiúnach

Cuirfear tuiscint ar ghairm na misinéireachta Críostaí chun cinn go láidir sa churaclam don Oideachas Reiligiúnach do bhunscoileanna Caitliceacha; cuirfear daltaí ar an eolas faoi mhisean soiscéalaíochta na hEaglaise (ChEC 767; EN 14), múinfear dóibh conas 'Dea-Scéala' Íosa Críost a roinnt le daoine eile agus iad i mbun caidrimh go dearfach le comharsana a bhfuil traidisiúin reiligiúnacha eile acu (RM 55; ChEC 856). Ullmhóidh Oideachas Idir-Reiligiúnach ag an mbunleibhéal, agus dearbhú á dhéanamh ar chéannacht Caitliceach na ndaltaí, páistí óga chun maireachtáil taobh le Críostaithe eile agus daoine a bhfuil traidisiúin reiligiúnacha éagsúla acu (CT 32; SGN 62, GDC 197).

Bhí athchóiriú na haontachta Críostaí ar cheann de na príomhábhair imní a bhí ag an Dara Comhairle Vatacáine agus léirítear prionsabail don idirphlé agus don mhalartú éacúiméineach ag gach leibhéal in *Unitatis Redintegratio* (1964). Bíonn tionchar ag múineadh maidir le Creidimh Eile a tháinig chun cinn ón Dara Comhairle Vatacáine agus freisin ó ráitis le déanaí ón Eaglais ar an gcineál Oideachas Reiligiúnach agus ar an múnlú a dhéantar i mbunscoileanna Caitliceacha.[10] Deimhnítear sa cháipéis *Nostra Aetate* (1965) gur ionann gach duine ar domhan agus aon teaghlach amháin a bhfuil reiligiúin éagsúla acu, agus nach 'n-eitíonn an Eaglais d'aon ní atá fíor agus beannaithe sna reiligiúin sin' (NA 2). Agus a gcreideamh reiligiúnach féin á fhinné acu, iarrtar ar Chríostaithe na suáilcí spioradálta agus morálta a bhíonn ag daoine a bhfuil creideamh eile acu 'a aithint, a chaomhnú agus a chur chun cinn' (NA 2). Déantar an tuairim sin a threisiú i g*Caiticeasma na hEaglaise Caitlicí* (1994) agus meabhraítear dúinn gur ionann 'an nasc atá ag an Eaglais le neamhChríostaithe agus an bunús comhchoiteann eatarthu agus an cine daonna' (ChEC 842). Déantar teagasc faoi reiligiúin agus creidimh éagsúla go cothrom agus go tomhaiste i scoileanna Caitliceacha.

---

[9] Féach Sheila Dillon, *Trócaire and Development Education* (Trócaire, 2009) chun cur síos a fháil ar Oideachas Forbartha ag leibhéal na réamhscoile agus na bunscoile.

[10] NA (1965); DH (1965); AG (1965); (1991); *Attitude of the Church towards the Followers of Other Religions*, Rúnaíocht do neamhChríostaithe (1984); DP (1991); ChEC 839-56, 1747, 2108-09.

## An Dearcadh Idirchultúrtha (SGN 17)

De réir an Achta Oideachais (1998) ba chóir go mbeadh oideachas ar fáil do gach dalta agus 'go n-urramaíonn sé an éagsúlacht luachanna, creidimh, teangacha agus traidisiún i sochaí na hÉireann'. Léirítear an prionsabal sin agus curaclam na bunscoile Caitlicí don Oideachas Reiligiúnach treoraithe ag cáipéis Chuallacht don Oideachas Caitliceach: *Educating to Intercultural Dialogue in Catholic Schools* (2013).

Léireoidh cláir agus acmhainní atá forbartha chun tacú leis an gcuraclam don Oideachas Reiligiúnach éagsúlacht shóisialta agus chultúrtha laistigh den scoil agus den tsochaí ina hiomláine. Soláthrófar íomhánna dearfacha de ghrúpaí reiligiúnacha agus eitneacha, inscne agus míchumais eile (SGN 125). Tabharfar aird ar leith ar dhaltaí a bhíonn ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise. Comhtháthóidh múinteoirí foghlaim na teanga agus an churaclaim san Oideachas Reiligiúnach agus iad ag cloí le *Treoirlínte EAL* (Béarla mar Theanga Bhreise) (CNCM, 2011). Déanfar ceangailtí idir ciníochas agus claontacht reiligiúnach a iniúchadh nuair is cuí. Múinfear daltaí, de réir luachanna na soiscéal, ar mhaithe le caidrimh phobail maithe, meas, tuiscint agus an ceartas sóisialta.



## An Dearcadh Morálta Críostaí

Cé go bhfuil eolas, tuiscint agus scileanna lárnach don churaclam don Oideachas Reiligiúnach sa bhunscoil, tá sé tábhachtach freisin go gcuireann Oideachas Reiligiúnach ar chumas páistí moráltacht, suáilcí agus luachanna Críostaí dearfacha a fhorbairt. Eascraíonn luachanna, suáilcí agus tréithe Críostaí ó chreideamh i nDia, iad léirithe i láthair Íosa Críost agus déantar iad a chleachtadh le grásta an Spioraid Naoimh.

Seo a leanas roinnt suáilcí, luachanna agus tréithe den traidisiún Críostaí atá lárnach i gcuraclam na bunscoile don Oideachas Reiligiúnach: na suáilcí diagachta (creideamh, dóchas, grá); na suáilcí cairdinéalta (críonnacht, ceartas, misneach agus measarthacht); buíochas; lúcháir; maithiúnas; meas ar an bhfírinne; comhbhá; modhanna síochána; ceartas; idirspleáchas; meas ar Dhia, ar an duine féin agus ar dhaoine eile; cothrom; macántacht; léirthuiscint agus iontas; a bheith fiosrach agus smaoineamh go criticiúil; feasacht shóisialta agus freagracht mhorálta; muiníneach i do reiligiún féin ach meas agat ar dhifríochtaí agus ar éagsúlacht; ag glacadh leis nach bhfuil duine saor ó locht; agus léirthuiscint ar an ghné naofa den saol laethúil.

Cuirfear mothúcháin, luachanna agus dearcaí na bpáistí i dtreo cad atá á mhúineadh dóibh san áireamh sa churaclam. Tá an comhthéacs comhaimseartha sóisialta agus cultúrtha casta agus bíonn ar pháistí óga déileáil le dearcaí agus le luachanna go rialta nach dtagann leo sin a bhíonn á gcur chun cinn sa scoil Chaitliceach. Mar thoradh air sin, féadfaidh páistí an dearcadh atá acu ar an gcuraclam a cheistiú, go háirithe sna ranganna sinsearacha. Dá réir sin, cuirtear béim ar an tábhacht atá le réasúnaíocht chriticiúil a spreagadh chomh maith le dul i ngleic i ndáiríre le cultúr na bpáistí sa churaclam. Beidh tasc an idirchultúrachais chomh maith le hoiriúnú cultúra mar phríomhsprioc sna cláir atá bunaithe i gcuraclam na bunscoile don Oideachas Reiligiúnach (GDC 109-110, 170, 180, 192-3). Múinfear do pháistí gur fachtóir tábhachtach é údarás teagaisc na hEaglaise (an Magisterium) chun tuiscint a fháil ar thraidisiún morálta.

Tá coincheapa sa snáithe Moráltacht Chríostaí a chumasaíonn oideachas maidir leis an chiall cheart atá le caidrimh agus gnéasacht agus iad a chomhtháthú sa churaclam don Oideachas Reiligiúnach Caitliceach. Ar an tslí sin, féadfar ‘geanmaíocht a mhúnlú agus eolas tráthúil maidir le gnéasacht’ a sholáthar ‘sa chomhthéacs is leithne den oideachas maidir le grá’ (HS 70). Mar gheall ar ‘inniúlacht bhunúsach’ thuismitheoirí/chaomhnóirí sa réimse sin, ní mór a bheith cúramach agus dul i gcomhairle leo agus aon chlár faoi Chaidrimh agus Gnéasacht á dhréachtú don scoil Chaitliceach (HS 23, 41-43, 48, 64). Mar a dheimhnigh Naomh Eoin Pól II:

> Caithfear oideachas faoi ghnéas, ar ceart bunúsach agus dualgas thuismitheoirí é, a dhéanamh faoina dtreoir airdeallach, cibé má dhéantar sin ag baile nó in ionaid oideachais a roghnaíonn siad nó a rialaíonn siad. Ina thaobh sin, athdhearbhaíonn an Eaglais dlí na coimhdeachta, a bhfuil dualgas ar an scoil é a chomhlíonadh ach a mbítear ag comhoibriú maidir le hoideachas gnéis, trí ghlacadh le ról/spiorad na dtuismitheoirí. (FC 37)





**Dearcadh Riachtanais Oideachais Speisialta (GDC 189)**

Is minic a mhothaíonn páistí a mbíonn míchumais foghlama ginearálta trom agus dian orthu teagmháil le Dia i gcásanna sóisialta. Tá treoirlínte speisialta maidir leis an Oideachas Reiligiúnach deartha do pháistí chuige sin. Tá siad leagtha amach i gcomhar le treoirlínte curaclaim do dhaltaí a bhfuil míchumais foghlama ginearálta acu (CNCM, 2007). Tá siad oiriúnach go háirithe do pháistí a bhfuil méasúnú déanta orthu agus iad ag feidhmiú laistigh de leibhéil forbartha cognaíoch atá Measartha/Trom agus Dian. Cuireann na treoirlínte ar chumas múinteoirí cur chuige den chineál céanna maidir le hOideachas Reiligiúnach a ghlacadh mar a dhéanfaí le réimsí eile den churaclam. Beidh múinteoirí ar an eolas faoin ngá atá le pleanáil aonair do pháistí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu (SGN 119).

Ceadaíonn na haidhmeanna agus na gníomhaíochtaí sna treoirlínte do dhaltaí iniúchadh a dhéanamh ar dhomhan an reiligiúin ó thaobh daoine speisialta, leabhair, tráthanna, áiteanna, rudaí agus trí chuairteanna rialta ar an séipéal áitiúil. Déanfaidh siad iniúchadh ar scéalta reiligiúnacha ina mbíonn gníomhaíochtaí agus eispéiris céadfach san áireamh. Cuirfear focail reiligiúnacha agus paidreacha ina láthair. Cuirfear deiseanna ar fáil dóibh chun go mbeidh ar a gcumas ceiliúradh speisialta éagsúla a bheith acu le linn na scoilbhliana. Tabharfar an deis dóibh scrúdú a dhéanamh ar dhomhan Dé agus iontas a dhéanamh de. I gcomhar le réimsí eile den churaclam bunscoile, feicfear eispéiris reiligiúnacha mar dheiseanna eile do mhúinteoirí chun deis a thabhairt do na páistí sin an méid úsáide agus is féidir a bhaint as a gcuid céadfaí (SGN 19). Úsáidfear gníomhaíochtaí chun feasacht, aireachas, suim agus dianmhachnamh a fhorbairt ar bhealach taitneamhach agus idirghníomhach le daoine agus le rudaí.

### Dearcadh ICT

Tá úsáid teicneolaíocht na faisnéise mar chuid lárnach d'Oideachas Reiligiúnach na bunscoile Caitlicí. Spreagfaidh an curaclam don Oideachas Reiligiúnach páistí chun taighde a dhéanamh ar fhaisnéis faoi reiligiún ar an idirlíon; úsáid CD-ROManna agus an t-idirlíon ar bhonn roghnaitheach; a smaointe a fhorbairt trí uirlisí ICT a úsáid; ríomhphost nó físchomhdháil a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le daoine faoi nithe reiligiúnacha; na hilmheáin agus bogearraí cur i láthair a úsáid chun freagraí a chur in iúl faoi ábhar reiligiúnach nó mar spreagadh chun cainte; agus trealamh a úsáid mar cheamaraí digiteacha agus físeáin dhigiteacha chun feabhas a chur ar an tuiscint atá acu ar chreideamh agus ar chleachtas reiligiúnach.

### Dearcadh Éiceolaíochta

Sa scoil Chaitliceach, tá meas agus imní éiceolaíochta fréamhaithe i ndiagacht faoi chruthú an domhain atá scrioptúr-bhunaithe agus a bhaineann le breithnithe eitice. Is é Dia an cruthaitheoir agus thug sé an domhain dúinn chun cúram a dhéanamh de agus lena cheiliúradh, agus is é an dóchas Críostaí don athnuachan deiridh de gach ní atá cruthaithe ag críoch na n-aoiseanna a spreagann ár dtiomantas an domhan a shaothrú agus cúram a thabhairt de (ChEC 1042). Múintear do pháistí faoin áit uathúil agus speisialta atá ag an duine daonna sa domhan a chruthaigh Dia, an dlúthbhaint atá ag an domhan atá cruthaithe agus spreagtar na páistí chun cion a léiriú agus cúram a dhéanamh don domhan uile mar léiriú ar ghrá Dé. Múintear do pháistí machnamh a dhéanamh agus meas a bheith acu ar an domhan agus an ilchastacht agus an áilleacht lena mbaineann. Tá traidisiún na gCeilteach ina léirítear meas ar a raibh cruthaithe ag Dia fite fuaite sa churaclam ag gach leibhéal. Cáineann dearcadh éiceolaíochta Críostaí patrúin ídithe a bhfuil baint acu le díghrádú éiceolaíochta. Cuirtear ar chumas páistí tuiscint a bheith acu ar choincheap den pheaca-éiceolaíochta agus coinsias éiceolaíochta a fhorbairt a lorgaíonn dúshláin fáidheadóireachta faoi fhórsaí a scriosann an domhan.

# Treoirlínte don Oideachas Reiligiúnach i gComhthéacs na Bunscoile Caitlicí

Soláthraítear na treoirlínte seo a leanas do mhúinteoirí a mbeidh baint acu leis an gcuraclam seo:

**Tá saoirse iomlán ag baint le hOideachas Reiligiúnach na bunscoile Caitlicí**

- Tá meas ag an scoil Chaitliceach agus tugtar tacaíocht do cheart na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí a bpáistí a aistarraingt ó Oideachas Reiligiúnach na bunscoile (Féach *Rialacha do Scoileanna Náisiúnta*; Riail 69; Bunreacht na hÉireann, Airt 44.2.4; An tAcht Oideachais 1998 s 30 (2) (e); PSC, lch. 58; An tOrdú Athchóirithe Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1989).

**Tá Oideachas Reiligiúnach na bunscoile Caitliclí dialárnach**

- Tá rúndiamhair Dé - An tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh – ag croílár an churaclaim.
- Cuirtear rúndiamhair Dé i láthair na bpáistí trí na Scrioptúir agus Traidisiún na hEaglaise.
- Tá scéal an tslánaithe ina phríomhphrionsabal struchtúrtha do chláir atá bunaithe ar an gcuraclam seo (GDC 108, 115; DV 14, 15; LG 13, 48; AG 3).
- Beidh ar mhúinteoirí a bheith airdeallach ar 'analach an chreidimh', i.e. comhleanúnachas fírinní an chreidimh ina measc féin agus laistigh de phlean iomlán an tslánaithe (ChEC, 114).

**Oideachas Reiligiúnach Caitliceach mar oideolaíocht Dé**

- Ní mór don oideachas reiligiúnach fanacht dílis d'Fhoilsiú Dé agus ní mór teagasc na hEaglaise a chur i láthair ina iomláine, ní ina phíosaí ná ar shlí shuarach.
- Ní mór don oideachas reiligiúnach a bheith dílis don pháiste agus dá aois, dá aibíocht agus do chéim creidimh an pháiste (GDC 70; 149).
- Ba chóir don oideachas reiligiúnach idirphlé cruthaitheach a sholáthar idir eispéireas saoil agus solas uathúil an tsoiscéil (CT 22; EN 29; GDC 116, 117, 152).
- Is féidir leas a bhaint as modhanna ionduchtacha (eiseach nó ardaitheach) agus déaduchtacha (forbairt Chríostaí nó ón bhfréamh), agus freastal go dílis ar eispéireas daonna agus ar Fhoilsiú Dé araon (GDC 118; CT 5).

**Tá Íosa Críost 'ag croílár an teagaisc go léir do Chríostaithe' (CT, 1979; EG 164)**

- Tá tosaíocht ag Íosa ag gach aon chéim den churaclam.
- Treoraítear Críostaithe ag Magisterium na hEaglaise maidir lena dtuiscint ar Íosa Críost.
- Cuirtear saol agus misean Íosa Críost in iúl dúinn tríd an Scrioptúr Naofa agus tríd an Traidisiún Naofa (DV 9, 10, 19).

**Is príomhfhoinse iad na scrioptúir don Oideachas Reiligiúnach Caitliceach (GDC 94; ChEC 50-83; 102, 106, 108, 111-17, 129, 168)**

- Cuirtear Scrioptúir ón Sean-Tiomna agus ón Tiomna Nua i láthair mar Bhriathar Dé beo, iad scríofa trí threoir ón Spiorad Naomh.
- Cuirtear an Scrioptúr Naofa i láthair chun teacht le teagasc Chaiticeasma na hEaglaise Caitlicí.
- Tá gaol soiléir idir an Scrioptúr Naofa agus teagasc críostaí na hEaglaise agus ba chóir iad a léamh laistigh de 'Thraidisiún beo na hEaglaise iomláine' (ChEC, 113).
- Tá baint ag téacsanna na Scrioptúr atá roghnaithe do gach leibhéal go díreach le heolas agus le coincheapa a bheidh le múineadh i ngach ceann de na trí snáithe eile ag gach aon

leibhéal: An Creideamh Críostaí, Liotúirge/Urnaí, agus Moráltacht Chríostaí. Níor chóir go múinfí an snáithe Briathar Dé leis féin amach ó na snáitheanna eile. Beidh cláir atá bunaithe ar an gcuraclam mar sin de réir na scrioptúr ar fad.

- Cuireann téacsanna an Scrioptúir Naofa a roghnaítear do gach leibhéal béim ar scéal an tslánaithe.
- Déanfar téacsanna aonair a bhunú i gcomhthéacs stair an tslánaithe.
- Tabharfar aird ar leith ar theidil Chríosteolaíochta sna Scrioptúir Naofa a dheimhníonn an diagacht agus an daonnacht in Íosa Críost mar 'Shlánaitheoir', 'Mac Dé', 'Meisia', 'Mac Mhuire'.
- Is ionann téacsanna na Scrioptúir Naofa a bhíonn roghnaithe do gach leibhéal agus an *íosmhéid* ba chóir a mhúineadh ag an leibhéal sin. Níl múinteoirí/scríbhneoirí clár teoranta do na téacsanna sin agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar theagasc sna snáitheanna Creideamh Críostaí, Liotúirge/Urnaí, Briathar Dé agus Moráltacht Chríostaí.
- Tá pictiúrleabhair agus acmhainní ar líne de scéalta ón mBíobla do pháistí ar fáil ag gach leibhéal.
- Ba chóir Bíobla ceangailte nó clúdaithe ar ardchaighdeán a úsáid sa seomra ranga agus ba chóir go mbeadh a áit speisialta féin aige sa seomra ranga.
- Cuirtear urraim don Bhíobla in iúl sa tslí a úsáidtear agus a chuirtear i láthair é.

**Is gné riachtanach den Oideachas Reiligiúnach Caitliceach Liotúirge na hEaglaise (ChEC 1075)**

- Faigheann páistí eolas ar fhreagraí gearra agus ar chodanna na liotúirge trí aithne a chur orthu agus iad a úsáid.
- Áirítear le teagasc na hEocairiste ag cuidiú le páistí comharthaí na liotúirge a léamh (ChEC 1075).
- Cuirtear béim ar an dlúthchaidreamh atá idir sacraimintí an Bhaiste, an Chóineartaithe agus na Comaoineach agus cuirtear gach sacraimint i láthair mar ghníomh Chríost.
- Leis an gcuraclam bíseach cuirtear tuiscint ar na sacraimintí in iúl do na páistí de réir a chéile agus go forchéimnitheach le linn dóibh a bheith sa bhunscoil, beidh an bhunsraith don oideachas ar an sacaimintí leagtha do na scoileanna dara leibhéal, nuair is cuí, agus ina dhiaidh sin.
- Tugtar cuireadh do pháistí scrúdú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir sleachta sa Bhíobla agus ócáidí ceiliúrtha liotúirgeacha (ChEC 1094; GDC 108).
- Tacaíonn an curaclam le ról na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus pobal an pharóiste níos leithne agus na sacraimintí á gcur in aithne (SGN 102, 152).
- Múintear an liotúirge, na sacraimintí agus urnaí i gcomhthéacs stair an tslánaithe.

**Tá urnaí mar chuid lárnach den Oideachas Reiligiúnach Caitliceach**

- Cuirtear Íosa i láthair mar an eiseamláir don urnaí (ChEC 520).
- Ag gach leibhéal foghlaimíonn páistí roinnt paidreacha traidisiúnta Caitliceacha agus cuidítear leo tuiscint a fháil ar cad a chiallaíonn na paidreacha sin (ChEC 2688). Is ionann paidreacha foirmeálta agus na paidreacha sin a iarrtar ar pháistí iad a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Moltar paidreacha breise mar go mbaineann siad le heolas agus le coincheapa a múintear ag gach leibhéal.
- Ní mór gur paidreacha Tríonóideacha iad, dírithe ar an Athair, trí Chríost, i gcumhacht an Spioraid Naoimh.
- Spreagtar páistí a gcuid paidreacha a rá dá ndeoin féin ina dteanga féin.



- Cuirtear cineálacha éagsúla urnaí i láthair na bpáistí (machnamh, gníomh dóláis, buíochas, achainí, idirghuí).
- Bíonn seirbhísí urnaí mar chuid lárnach den churaclam nuair is cuí m.sh. An Aidbhint, An Carghas, An Nollaig, An Cháisc, Cuimhneachán na bhFíréan uile atá Marbh/na Naoimh Uile, Féilte na Maighdine Beannaithe Muire.

**Cuirtear béim ar oideachas morálta san Oideachas Reiligiúnach Caitliceach i gcónaí**

- Cuirtear an saol morálta i láthair mar léiriú agus mar thoradh ar an gcaidreamh atá againn le Dia.
- Cuirtear Íosa i láthair mar eiseamláir chun saol Críostaí a chaitheamh (ChEC 459, 520, 564, 1698).
- Tá baint ag oideachas morálta le forbairt ar eolas agus ar réasúnaíocht, chomh maith le bunús mothachtálach agus spreagúil don ghníomh morálta.
- Áirítear le hoideachas morálta múineadh do pháistí conas grá agus adhradh a thabhairt do Dhia, go mbeidh a fhios acu go bhfuil grá ag Dia dóibh i gcónaí, suáilcí agus luachanna Chríost a fhorbairt, feasacht a fhorbairt ar pheacaí agus ar cad atá i gceist le gníomh aithrí agus tuiscint a fháil ar ról na sacraimintí agus an Spioraid Naoimh agus ar theagasc an Magisterium chun cuidiú leo maireachtáil mar chlann Dé.
- Cuirtear gné shíoraí agus eascateolaíoch an tsaoil mhorálta i láthair.
- Tá sé mar aidhm le hoideachas morálta an scil a bhaineann le cinntí morálta a dhéanamh le coinsias feasach a fhorbairt.

**Tá ceol agus amhránaíocht ina cuid thábhachtach den Oideachas Reiligiúnach Caitliceach**

- Úsáidtear ceol chun iniúchadh a dhéanamh ar príomhchoincheapa an cheachta.
- Tá an ceol mar phríomhacmhainn don mhachnamh agus don urnaí agus d'fhorbairt na feasachta spioradálta.
- Cuireann ceol ar chumas páistí a bheith rannpháirteach ar bhealach fóinteach sa liotúirge agus sna sacraimintí.
- Soláthraíonn an ceol teanga chun eispéiris agus tuiscint spioradálta/reiligiúnach a chur in iúl.
- Is minic go mbíonn na hamhráin bunaithe ar an mBíobla.
- Beidh iomainn Ghaeilge thraidisiúnta mar chuid den churaclam ag leibhéil 3 agus 4, m.sh. *Ag Críost an Síol*.

**Is prionsabal tábhachtach é ionchultúrú don Oideachas Reiligiúnach Caitliceach (SGN 16, 21, 29,)**

- Tá sé de dhualgas ar mhúinteoirí 'labhairt le páistí agus le daoine óga an lae inniu i dteanga atá oiriúnach dóibh' (GDC 208).
- Tugtar cúnamh do pháistí tuiscint agus meabhair reiligiúnach agus cultúir a chomhtháthú ina saol laethúil (GDC 133; DP 70).

**Tá foghlaim de ghlanmheabhair bunúsach in Oideachas Reiligiúnach Caitliceach (ChEC 2688; CT 55; GDC 154)**

- Tugtar deiseanna do pháistí amhráin, iomainn, dánta, freagraí san Aifreann, téacsanna sa Bhíobla, paidreacha traidisiúnta agus foirmlí a léiríonn na príomhchoincheapa i gceachtanna éagsúla a fhoghlaim de ghlanmheabhair. (Nóta: Níl sé i gceist go bhfoghlaimeodh na páistí gach coincheap atá léirithe sna snáithaonaid).
- Cuirfear foirmlí i láthair sa churaclam a sholáthraíonn teanga comhchoiteann den chreideamh, cé go bhféadfadh tuiscint iomlán ar na foirmlí sin teacht ag céim níos déanaí (ChEC 84). Áirítear ar na foirmlí sin téacsanna ón mBíobla, an liotúirge agus paidreacha traidisiúnta ón gcreideamh Críostaí (m.sh. An Chré, An Phaidir, 'S é do Bheatha, a Mhuire). Roghnófar na foirmlí sin 'a léireoidh fírinne an Chreidimh' ach ní mór dóibh a bheith oiriúnach do 'chumas an lucht éisteachta' (cf. GCD 73, 154).

**Tá an timpeallacht tábhachtach don Oideachas Reiligiúnach Caitliceach**

- Nuair is féidir, beidh pictiúrleabhair de scéalta an Bhíobla ar fáil.
- Tá sé inmhianaithe go mbeadh timpeallachtaí fisiciúla saibhre á gcur ar fáil a mbeadh taispeántais lán le nithe priontáilte san áireamh.
- Nuair is féidir, beidh spás 'cúinne urnaí'/naofa sa seomra ranga. Beidh an séasúr liotúirgeach san áireamh le hurnaí agus cuirfear atmaisféar an tséasúir in iúl sa chúinne urnaí.

**Déantar forbairt leis an Oideachas Reiligiúnach Caitliceach ar fheasacht éacúiméineach agus idir-reiligiúnach agus ar mheas ar chultúir agus ar reiligiúin daoine eile (GDC 197; 200; SGN 62; LG16; EIDCS 63)**

- Ag an mbunleibhéal baineann an próiseas foghlama faoi shainchreidimh Críostaí eile agus traidisiúin reiligiúnacha eile go príomha le feasacht, dearcaí, caidrimh agus luachanna. Cuirtear béim san fhoghlaim idir-reiligiúnach ar an mbunús atá le caidrimh chuí le reiligiúin eile (EIDCS 42, 69).

- Sa churaclam seo cuirtear traidisiúin Chríostaíochta eile i láthair na bpáistí agus an tábhacht atá le hidirphlé agus le hiarrachtaí éacúiméineacha. Mar bhaill den teaghlach Críostaí, tá caidreamh uathúil agus dlúth ag Caitlicigh le Críostaithe eile.
- Is ionann an chéad chéim i dtreo feasachta idir-reiligiúnach agus an ceangal a dhéanamh idir an Chríostaíocht agus Giúdachas. Cuirtear aird ar leith ar theagasc an Ghiúdachais mar gheall ar na dlúthcheangailtí idir é agus an Chríostaíocht (ChEC 1076).
- Cuirtear leis an bhfeasacht thosaigh sin trí scrúdú a dhéanamh ar an gcreideamh aondiach iontach eile – Ioslam.
- Ní chuireann múinteoirí Caitliceacha gach reiligiún i láthair mar chinn atá mar an gcéanna ná go bhfuil siad chomh bailí le chéile ach léireoidh siad caidreamh na Críostaíochta le reiligiúin eile ar domhan, agus an tslí a bhreithnítear go bhfuil cinn níos gaire don Chríostaíocht ná cinn eile.
- Cuirfidh múinteoirí Caitliceacha i láthair na nithe atá comónta idir reiligiúin agus mar a easraíonn na gnéithe áirithe agus sainiúla den Chríostaíocht (EIDCS 13, 33).
- Tugtar tosaíocht do léiriú na gcreideamh sin i gcultúr na hÉireann, nuair is féidir ach a mbíonn traidisiúin reiligiúnacha eile á dteagasc.




- Is cur chuige teagaisc tuairisciúil atá ann den chuid is mó. Múintear na traidisiúin reiligiúnacha eile go discréideach, ní trí chomparáidí ná trí fhéilte ar leith, ná trí scríbhinní ná figiúirí tábhachtacha. Ní ionann sin agus a rá nach dtiocfadh comparáidí chun cinn, ach nach ndéanfar comparáidí mar phointe tosaigh an teagaisc (SGN 38).
- Múintear san Oideachas Reiligiúnach Caitliceach fírinne uathúil an chreidimh Chríostaí agus an gá atá ann go mothódh Críostaithe misinéireacht bhríomhar ina measc i ndáil le reiligiúin eile (NA 1, 2, 4; ChEC 813, 846-848; GDC 200, EIDCS 16).

- Nuair is cuí, is féidir cuireadh a thabhairt do bhaill reiligiúin eile sa cheantar áitiúil teacht isteach sa scoil chun labhairt leis na páistí.
- Amchlár: Beidh uair an chloig go leith de staidéar ar chreidimh eile in aghaidh na bliana i gceist ag Leibhéal 2. Beidh aon seachtain staidéir amháin ar chreidimh eile in aghaidh na bliana i gceist ag Leibhéal 3. Beidh dhá seachtain curtha i leataobh chun staidéar a dhéanamh ar chreidimh eile in aghaidh na bliana ag Leibhéal 4. Samhlaítear go gcomhtháthófar uainiú mar sin leis na treoirlínte atá beartaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) arna eisiúint ón *Tuarascáil ar Fhóram Pátrúnachta* (2012).

**Áirítear próisis chuí don mheasúnú agus don mheastóireacht le hoideachas Reiligiúnach**

- Coimeádann scoileanna Caitliceacha bealaí cuí agus éifeachtúla chun a chinntiú go mbíonn an curaclam don Oideachas Reiligiúnach ábharthach d'ionchais dlisteanacha na ndaltaí agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, agus táthar freagrach don Bhord Bainistíochta agus d'údaráis na hEaglaise. Áirítear leis na bealaí sin, measúnú rialta ar dhul chun cinn na ndaltaí, próisis thuairiscithe fhiúntacha agus athbhreithniú rialta ar cháilíocht agus ar éifeachtacht an chláir reiligiúin, i gcomhar le Comhairleoirí Deoise oilte don Oideachas Reiligiúnach (cf. SGN 146-7, 152).
- Cuireann an curaclam ar chumas múinteoirí tógáil ar na prionsabail den *Mheasúnú don Fhoghlaim*.
- Beidh meas ag múinteoirí ar fhoghlaim nach rabhthas ag súil léi agus ar fhoghlaim nach féidir a mheas.
- Tugtar meas sa churaclam ar mar a bhraitear am, ní a théann in aghaidh an chultúir reatha agus tá sé mar aidhm sa churaclam a bheith in ann feitheamh agus oscailteacht a chothú, agus aitheantas a thabhairt nach mbaintear amach roinnt de na torthaí is tábhachtaí den Oideachas Reiligiúnach láithreach agus go bhféadfaí nach mbeadh siad infheicthe fiú.

# Struchtúr Ghnéithe de Churaclam Oideachas Reiligiúnach na Bunscoile Caitlicí

Tá Oideachas Reiligiúnach Caitliceach sainiúil os rud é go dtarlaíonn sé laistigh den chomhthéacs forbartha creidimh (SGN 100). Is ionann creideamh i ndáiríre agus bronntanas ó Dhia. Is féidir é a thuiscint ar dhá shlí: mar ghníomh pearsanta (próiseas chun creideamh pearsanta agus muinín i nDia a fhorbairt) agus mar ábhar (an creideamh Caitliceach, corpas eolais). Ach ní ionann sin agus a rá gur gníomh aonarach é creideamh ach cur chuige eaglaiseach. Ní amháin nach mór don chreideamh pearsanta a bheith á chothú ag pobal creidmheach, ach tá gach aon Críostaí freagrach as a chreideamh/a creideamh a roinnt le daoine eile agus an bronntanas atá faighte aige nó aici a roinnt (ChEC 166-167). Tá gach ceann de na gnéithe sin lárnach den Oideachas Reiligiúnach Caitliceach. Cuireann an curaclam don Oideachas Reiligiúnach bunscoile ar chumas páistí a saol spioradálta a fheabhsú, eolas a chur ar chreidimh Chríostaí, príomhscileanna a fhorbairt ar litearthacht reiligiúnach agus dearcaí agus luachanna Críostaí dearfacha a fhorbairt. Is fís iomlánaíoch é sin den Oideachas Reiligiúnach, agus cuirtear páistí agus múinteoirí ar an airdeall faoin tuiscint go bhfuil níos mó i gceist le reiligiún agus lena chleachtadh ná díreach 'fios a bheith acu go gcreideann siad', chun go bhfeicfidh siad an caidreamh riachtanach idir creideamh Críostaí agus bealach saoil áirithe a leanúint. Chun a bheith cráifeach ar shlí Chríostaí tá gá le cur chuige iomlánaíoch maidir leis an saol ina mbíonn an intleacht comhtháite le croí agus corp agus gur léiriú ar Chríostaí a bhfuil oideachas air/uirthi é an tiomantas luachanna an tsoiscéil a bheith go smior ina saol.



Déantar cur síos leis an gcreat curaclaim don Oideachas Reiligiúnach thíos ar ábhar an Oideachais Reiligiúnaigh do bhunscoileanna Caitliceacha. Ní ionann é agus clár le húsáid sa seomra ranga. Is ionann an cuspóir atá leis agus treoir agus eolas a thabhairt ar theagasc Oideachas Reiligiúnach trína chur in iúl go soiléir na deiseanna scrúdaithe agus machnaimh atá le tairiscint do pháistí, an t-eolas agus an tuiscint a fhéadfaidh siad a fháil, agus na bealaí ina bhfuil sé mar aidhm ag an gcuraclam tiomantas creidimh a chothú. Tá sé dírithe ar easpaig, ar iontaobhaithe, ar phríomhoidí, ar mhúnteoirí, ar scríbhneoirí cláir agus acmhainní, ar chomhairleoirí deoise, ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí agus ar léachtóirí i réimse Oideachas Reiligiúnach sna bunscoileanna. Samhlaítear go bhforbrófar cláir agus acmhainní eile chun tacú le múinteoirí agus an curaclam á fheidhmiú acu.

## Aidhmeanna agus Torthaí Ginearálta

> Seo a leanas an aidhm atá leis an gcuraclam don Oideachas Reiligiúnach seo: **cuidiú le páistí teacht in inmhe i ndáil lena saol spioradálta, morálta agus reiligiúnach, trí aithne, scrúdú agus ceiliúradh a dhéanamh ar an gcreideamh Caitliceach.**[11]

*Na Torthaí Inmhianaithe*

Cuirfidh páistí eolas ar na nithe seo a leanas, ar shlí atá oiriúnach dá n-aois, dá n-aibíocht agus d'fhorbairt creidimh[12]

- eolas a chur ar Dhia an tAthair, trí Íosa Críost, sa Spiorad
- feicfidh sé go bhfuil luach ag Dia air/uirthi féin trí ghrá agus go bhfuil bronntanais aige/aici ó Dhia
- beidh tuiscint aige/aici ar ghnéithe reiligiúnacha, spioradálta agus morálta dá neach daonna féin
- tiocfaidh sé/sí ar an eolas agus ar an tuiscint faoin bhfírinne faoin bheatha daonna, bunús na beatha agus an cuspóir atá leis mar a léirigh Dia agus mar a mhúineann an Eaglais
- forbrófar inniúlacht maidir le scrúdú, tuiscint, léirthuiscint agus cumarsáid an chultúir Chaitlicigh, an traidisiúin, an urnaí, saol na sacramaintí agus cleachtas, tuiscint ar an gcaidreamh idir creideamh agus an saol agus idir creideamh agus cultúr
- foghlaimeofar conas a bheith rannpháirteach in urnaí agus in adhradh na hEaglaise
- forbrófar scileanna den litearthacht reiligiúnach, maidir leis an traidisiún reiligiúnach Caitliceach, atá oiriúnach do pháistí óga
- forbrófar suáilcí, freagracht phearsanta agus shóisialta, tuiscint éiceolaíochta agus an cumas gníomhú de réir coinsias feasach agus cinntí morálta á ndéanamh ag páiste
- tuiscint a fhorbairt ar cad a chiallaíonn sé a bheith mar bhall den Eaglais agus cad é gairm misinéireachta Chríostaithe
- tuiscint agus eolas a chur ar thraidisiúin Críostaí eile (éacúiméineachas)
- tuiscint a fháil ar roinnt traidisiún reiligiúnacha eile chomh maith le heolas bunúsach ar na príomhchreidimh, na luachanna spioradálta agus na traidisiúin atá acu (Oideachas Idir-Reiligiúnach)[13]
- meoin agus luachanna Críostaíochta a fhorbairt: mar shampla, grá, ceartas, comhbhá, an fhírinne agus meas.

---

[11] Tá baint dhíreach ag an aidhm seo le haidhm leathan Churaclam na Bunscoile: 'cur ar chumas páistí luachanna spioradálta, morálta agus reiligiúnacha a fhorbairt'. Féach Éire, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (PSC 34).

[12] Aithnítear daltaí i scoileanna Caitliceacha mar chreidmhigh, mar dhíchreidmhigh nó mar chuardaitheoirí (GDC 75). Bíonn meas ar eispéireas agus ar thuras creideamh na bpáistí agus tugtar tacaíocht dá dtiomantas do thraidisiún reiligiúnach a dteaghlaigh (SGN 58).

[13] Tá baint dhíreach ag na haidhmeanna sin le cuspóir PSC: 'Go mbeidh ar chumas an pháiste eolas agus tuiscint a fháil ar a dtraidisiún reiligiúnach agus creideamh féin, agus meas a bheith acu ar thraidisiúin agus ar chreidimh dhaoine eile' (PSC 36).

## Na Leibhéil

Tá cúig leibhéal leis an gcuraclam:

An leibhéal réamhscoile

Leibhéal 1: blianta 1 & 2 (Na Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha/bonnchéim)

Leibhéal 2: blianta 3 & 4 (Ranganna 1 agus 2/Príomhchéim 1)

Leibhéal 3: blianta 5 & 6 (Ranganna 3 agus 4/Príomhchéim 2)

Leibhéal 4: blianta 7 & 8 (Ranganna 5 agus 6/Príomhchéim 2) (bliain 8 Poblacht na hÉireann amháin)




Réamhrá

## Na Ceithre Snáithe

Is ráiteas atá sa chéad chuid eile den cháipéis curaclaim seo ar ábhar an Oideachais Reiligiúnaigh do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna Caitliceacha. Déantar idirdhealú ar cheithre **snáithe** den Chreideamh Críostaí,[14] Briathar Dé, Liotúirge/Urnaí agus Moráltacht Chríostaí. Léirítear sna ceithre snáithe sin an t-eolas agus an tuiscint, na scileanna agus na próisis, atá sainiúil den fhoghlaim sa réimse curaclaim seo. Spreagann an ráiteas mionsonraithe den ábhar do gach snáithe éagsúlacht shaibhir de chuir chuige maidir le teagasc agus foghlaim a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla pháistí aonair. **Nóta:** Ní réimsí foghlama scoite iad na snáitheanna, mar go bhfuil siad ag forluí agus ag idirghníomhú chun eispéireas foghlama iomlánaíoch a chinntiú don pháiste. Léiríonn gach gné agus atreisíonn gach gné iomláine na físe don Oideachas Reiligiúnach. Tógfaidh múinteoirí agus scríbhneoirí clár ar na heispéiris fhoghlama agus coincheapa feadh leibhéil chun leanúnachas maidir le teagasc agus foghlaim a sholáthar.

| Snáithe (Réimse Staidéir) | Vatacán II | Caiticeasma |
|---|---|---|
| Creideamh Críostaí | *Dei Verbum*<br>*Lumen Gentium* | Cuid I: Admháil Chreidimh |
| Briathar Dé | *Dei Verbum* | Cuid I: Admháil Chreidimh |
| Liotúirge/Urnaí | *Sacrosanctum Concilium* | Cuid II: Ceilúradh ar an Rúndiamhair Chríostaí<br>Cuid IV: Urnaí. |
| Moráltacht Chríostaí | *Gaudium et Spes* | Cuid III: An Bheatha i gCríost |

Freagraíonn an Eaglais Chaitliceach, a bunaíodh ar chreideamh na n-aspal, faoi threoir an Spioraid Naoimh d'fhoilsiú ó Dhia, an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh. Riamh anall, luadh ceithre chomhartha de thiomantas, atá tugtha ar aird i nGníomhartha na nAspal mar thréithe an phobail luath-Chríostaí, mar thréithe a bheadh agat chun maireachtáil de réir an tsoiscéil.

> Thug siad a saol do theagasc na n-aspal (*Kergyma)* agus don chomhbhráithreachas (*Koinonia*), do bhriseadh an aráin agus do na paidreacha (*Leitourgia*). Bhí gach aon duine ag umhlú, mar go ndearna na haspail iontais agus comharthaí go leor (*Martyria*). Bhí gach duine a chreid le chéile agus bhí nithe comónta eatarthu; dhíolfaidís gach rud agus earraí a bhí ina seilbh agus dháilfidís gach a gheobhaidis ar chách, de réir mar ba ghá (*Diakonia*). Lá i ndiaidh lae, agus go leor ama caite acu le chéile sa teampall, bhris siad an t-arán ag baile agus d'ith siad a mbia agus a gcroíthe sásta agus flaithiúil, iad ag moladh Dé agus dea-thoil acu do gach duine. Agus lá i ndiaidh lae, chuir an Tiarna leis an líon acu a slánaíodh. (Gníomhartha 2:42-47)

[14] Tagraíonn an téarma 'Críostaí' sa cháipéis seo don úsáid a bhaintear as sa cháipéis *Caiticeasma na hEaglaise Caitlicí*.

Tugtar pictiúr idéalach sa mhír seo ar an bpobal luath-Chríostaíochta, leagtar síos cad ba chóir don Eaglais a dhéanamh, is é sin, tascanna gach pobal Críostaí. Déantar cur síos i *Share the Good News* ar na tascanna sin mar seo a leanas:

> Teachtaireacht an tsoiscéil a chraobhscaoileadh agus a fhinné (*Kergyma/Martyria*). Pobal Eaglaise comhbhách a thógáil bunaithe ar luachanna an tsoiscéil (*Koinonia*). Ceiliúradh ar an gcreideamh trí adhradh, urnaí agus trí bheith rannpháirteach san liotúirge – i gcomaoin le Dia, le hÍosa Críost, agus lena chéile (*Leitourgia*). Seirbhís don chomharsa, go háirithe na daoine ba bhoichte agus ba leochailí, obair an cheartais (*Diakonia*).

Mar ghné amháin d'obair shoiscéalaíochta na hEaglaise in Éirinn, téann an curaclam don Oideachas Reiligiúnach seo do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna Caitliceacha i ngleic leis na téamaí sin mar shlí chun an t-ábhar san Oideachas Reiligiúnach a struchtúrú agus an creideamh a mhúnlú do pháistí óga.

**Na Snáitheanna a Eagrú (Creideamh Críostaí, Briathar Dé, Liotúirge/Urnaí, Moráltacht Chríostaíochta)**
Tá fógairt na teachtaireachta Críostaí (*Kerygma*), fógra an Dea-Scéala d'Íosa Críost le fáil sa snáithe **Creideamh Críostaí**. Fógraíonn pobal Dé plean grámhar slánaithe Dé trí Íosa Críost agus tugtar chun críche é trína Eaglais. Cuireann teagasc agus foghlaim sa snáithe seo ar chumas páistí a bheith foghlamtha ó thaobh an reiligiúin sna príomhfhírinní, teagaisc agus cleachtais den traidisiún reiligiúnach Caitliceach. Trí eolas a chur ar théacsanna agus ar chreidimh naofa phobal na hEaglaise, foghlaimíonn páistí freagairt d'fhoilsiú Dé agus do láithreacht Dé sna Scrioptúir agus sa Traidisiún, i gcruthú an domhain agus ina saol féin. Tugtar cuireadh do pháistí tuiscint agus léirthuiscint níos doimhne a fháil ar cad a chiallaíonn sé a bheith mar dheisceabal Íosa, agus conas a bheith rannpháirteach i saol agus i misean na hEaglaise. Múintear dóibh faoi fhinné na naomh don mhisean sin agus an fhinné a dhéanann baill naofa de phobal Dé.


Tá Traidisiún Naofa agus Scrioptúr Naofa mar aon chuid amháin de Bhriathar Dé, atá curtha faoi chúram na hEaglaise. Cuirtear Scrioptúr Naofa i saol na hEaglaise i láthair na bpáistí sa snáithe **Briathar Dé** ar shlí atá oiriúnach dá n-aois. 'Séard atá sa Scrioptúr Naofa scéal faoi bheannú phobal Dé san am atá caite, chomh maith le Briathar spreagtha don am i láthair chun cur ar chumas phobal na hEaglaise láithreacht Dé a aithint inár measc. Cuireann páistí i mbunscoileanna Caitliceacha níos mó eolais ar an mBíobla agus forbraíonn siad cumas chun ciall a bhaint as an Scrioptúr Naofa i bhfianaise teagasc na hEaglaise, iad a fheidhmiú ar bhealaí iomchuí agus fónta d'imthosca a saol mar pháistí. Trí éisteacht leis an Scrioptúr agus sin a thuiscint, cuireann páistí aithne ar Íosa Críost mar dhuine agus cuireann siad eolas air agus ar a mhisean slánaithe. Cuireann siad eolas ar eachtraí sa Bhíobla sna trí 'nóiméad' iontacha de stair an tslánaithe (cruthú an domhain, slánú, comhlíonadh). Foghlaimíonn siad ón mBíobla cad a chiallaíonn sé a bheith mar dheisceabal Íosa i bpobal creidimh. Cuireann tuiscint ar stair an tslánaithe in aois na hEaglaise ar chumas páistí a bheith níos meabhraí ar ghníomh slánaithe leanúnach Dé i saol a phobail.

Cuireann teagasc agus foghlaim sa snáithe **Liotúirge/Urnaí** ar chumas páistí eolas a chur ar chomharthaí, ar shiombailí agus ar dheasghnátha liotúirge a chothaíonn a gcaidreamh le Dia mar Athair, mar Mhac agus mar Spiorad Naomh, agus a gcumas a fhorbairt don urnaí phearsanta agus do rannpháirtíocht i liotúirge na hEaglaise. Déanann pobal Dé ceiliúradh agus molann siad Dia mar gheall ar an slánú a cinntíodh trí bheatha, trí bhás, trí Aiséirí, trí dheascabháil Chríost agus trína éirí ó mhairbh. Scrúdaíonn páistí an caidreamh idir na sleachta sin sa Bhíobla ina bhfuil taifead ar scéal an tslánaithe agus an ceiliúradh ar an liotúirge a airíonn siad féin. Foghlaimíonn siad an tábhacht atá le hurnaí, leis an liotúirge agus na sacraimintí chun beatha pobail a chruthú agus a chothú. Tugann an Liotúirge cuireadh do pháistí nasc a dhéanamh idir scéal a mbeatha féin, a gcoimhlintí agus a n-éachtaí, na nithe a éiríonn leo agus na nithe a theipeann orthu, ábhair buartha agus údair lúcháir agus Rúndiamhair na Cásca in Íosa Críost.

Cuireann teagasc agus foghlaim sa snáithe **Moráltacht Chríostaí** ar chumas páistí tuiscint níos fearr a fháil ar a gcéannacht féin mar dhaoine atá cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé agus ar a iarrtar maireachtáil i gcaidreamh grámhar, urramach le Dia, le daoine eile agus le gach ar chruthaigh Dia. Cuirtear Íosa in aithne dóibh mar eiseamláir chun saol eiticiúil a chaitheamh agus ar theagasc morálta na hEaglaise a mhúineann conas maireachtáil mar dheisceabail Íosa. Cruthaítear iad trí luachanna an tsoiscéil agus trí ghrá do Dhia agus don chomharsa. Foghlaimíonn siad go mbaintear amach sprioc beatha morálta an Chríostaí trí chúnamh ó ghrásta an Spioraid Naoimh agus sin amháin. Foghlaimíonn siad an tábhacht atá le hurnaí, le haiséiteachas agus leis na sacraimintí chun a saol morálta a chothú. Foghlaimíonn siad conas coinsias ionraic stuama a chothú agus a gcumas don réasúnaíocht mhorálta a fhorbairt agus iad ag dul i ngleic le cruacháis mhorálta. Trí mhachnamh a dhéanamh ar a ngníomhartha féin agus ar theagasc morálta na hEaglaise, tugtar cuireadh do pháistí maireachtáil le chéile i bpobal creidimh.

**Nóta:** Dírítear sa snáithe Moráltacht Chríostaí ar na bunúis fealsúnachta agus oideachais leis an moráltacht agus mar a chuidíonn traidisiún an Bhíobla le forbairt na moráltachta Críostaí.

- Tá coincheapa áirithe a bhaineann le grá trócaireach Dé, coincheapa an pheaca agus maithiúnas, grásta agus slánú, an Chré agus An Phaidir liostaithe faoi na snáitheanna Creideamh Críostaí agus Liotúirge/Urnaí.
- Tá oideachas maidir leis na suáilcí Críostaí, creideamh, dóchas agus carthanacht le fáil ar fud an churaclaim.
- Tá eolas ar ról an Spioraid Naoimh mar chuairteoir agus mar chara cineálta a spreagann, a threoraíonn, a cheartaíonn agus a threisíonn saol morálta Críostaí le fáil freisin faoin snáithe Creideamh Críostaí.
- Cuirtear béim freisin ar an ngné eaglaiseach den saol morálta i réimsí eile den churaclam.
- Pléitear an tábhacht atá lenár gcinntí morálta don tslánú freisin faoi eascaiteolaíocht ('An Bheatha Shíoraí': An snáithe Creideamh Críostaí).
- Cuidíonn coincheapa atá leagtha amach faoin snáithaonad Moráltachta: *OCG i gComhthéacs Críostaí* le Curaclam an Stáit don Oideachas maidir le Caidrimh agus Gnéasacht sa Phoblacht nuair a mhúintear sin i scoileanna Caitliceacha.


Briathar Dé
Leibhéal 4
R
Leibhéal 4
Réamhscoil
Creideamh Críostaí
Leibhéal 4
Réamhscoil
Liotúirge & Urnaí
Leibhéal 4
Réamhscoil
Moráltacht Chríostaí

## Aidhmeanna

Tá sraith aidhmeanna curtha san áireamh do gach leibhéal de gach snáithe. Léiríonn na haidhmeanna dul chun cinn ar shofaisticiúlacht agus ar chastacht an ábhair agus na bpróiseas atá á múineadh.

## Scileanna den Litearthacht Reiligiúnach

Léiríonn na scileanna atá léirithe faoi gach aon cheann de na snáitheanna na scileanna den litearthacht reiligiúnach atá inmhianaithe ag gach leibhéal. Baintear leas sa chuid seo as *cur chuige bunaithe ar thorthaí*, cuirtear béim ar ailíniú an oideachais idir Oideachas Reiligiúnach agus na sé réimse eile de *Churaclam na Bunscoile* (1999) CNCM.

Cuireann an curaclam creat *litearthacht reiligiúnach* i bhfeidhm ar Oideachas Reiligiúnach. Tagraíonn an téarma 'litearthacht reiligiúnach' don chumas tuiscint agus úsáid a bhaint, i saol an pháiste ó lá go lá, as stór cleachtas agus/nó 'bealaí feasacha' a bhaineann leis an reiligiún Críostaí trí leas a bhaint as léamh, scríobh, éisteacht, labhairt, féachaint, líníocht, ceol, gluaiseacht, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach agus téacsanna ilmheáin de theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide nua agus traidisiúnta.

Tá na buntáistí seo a leanas le coincheap na litearthachta a chur i bhfeidhm ar Oideachas Reiligiúnach:

- cuirtear ar chumas páistí creideamh a cheangal le beatha an duine agus beatha an duine a cheangal leis an gcreideamh
- cuirtear ar chumas páistí a bheith inniúil in úsáid cineálacha éagsúla cumarsáide, agus scileanna litearthachta traidisiúnta agus nua a nascadh ar bhealaí éagsúla do chuspóirí agus do theicneolaíochtaí nua
- soláthraítear deiseanna éagsúla do chomhtháthú agus do nascadh le hábhair eile
- cuirtear ar chumas páistí óga scileanna litearthachta criticiúla a fhorbairt atá riachtanach chun idirghníomhú le teicneolaíochaí faisnéise agus cumarsáide nua agus traidisiúnta faisnéise agus cumarsáide
- cumasaítear páistí óga a bheith oscailte, freagrach agus ciallmhar agus iad ag dul i ngleic leis an reiligiún Críostaí
- ullmhaítear páistí don Oideachas Reiligiúnach mar ábhar acadúil san iarbhunscoil.

**Tuiscint**

Tá scileanna don tuiscint fréamhaithe i gcumas na bpáistí maidir le haird a thabhairt, a n-intleacht, réasúnaíocht agus freagracht.[15] Trí staidéar a dhéanamh ar an ábhar atá tugtha sa Chreideamh Caitliceach, tugtar cuireadh do pháistí scrúdú agus léirmhíniú a dhéanamh ar choincheapa reiligiúnacha agus iad sin a chur i bhfeidhm ina saol féin. Cuirtear ar a gcumas eolas a bhailiú agus a eagrú go héifeachtach agus ansin breithiúnais agus cinntí stuama a dhéanamh. Cuirtear go leor béime ar scileanna smaointeoireachta ardoird mar mhíniú, réiteach

[15] Tá eipistéimeolaíocht criticiúil an réalaí Bernard Lonergan mar bhonn do na scileanna tuisceana, breithmheasa agus cinnteoireachta.

fadhbanna, tuar, anailísiú, ceistiúchán, meastóireacht agus údar a thabhairt. Ta úsáid na samhlaíochta, an próiseas cruthaitheach agus smaointeoireacht mheafarach lárnach don phróiseas tuisceana. Cuireann scileanna litearthachta criticiúla ar chumas foghlaimeoirí tabhairt faoi theicneolaíochtaí cumarsáide traidisiúnta agus nua agus tuiscint acu orthu.

**Cumarsáid**
Áirítear le cumarsáid, foclóir saibhir a fhorbairt ó thaobh nithe spioradálta, morálta agus reiligiúnach; ag léamh agus ag freagairt do raon téacsanna i scríbhinn, ó bhéal agus téacsanna físiúla (lena n-áirítear téacsanna naofa, scéalta, dánta, paidreacha, deasghnátha, drámaíocht, ealaín); ag caint agus ag scríobh le tuiscint agus léargas ar smaointe spioradálta, morálta agus reiligiúnacha; machnamh chriticiúil agus chruthaitheach a dhéanamh ar ábhair spioradálta, morálta agus reiligiúnach; díospóireacht agus argóintí réasúnacha a úsáid.


**Rannpháirtíocht**
Déanann rannpháirtíocht in eispéiris mar urnaí, ciúnas agus machnamh forbairt ar chumas páistí don urnaí phearsanta agus chun a bheith páirteach i liotúirge na hEaglaise. Trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí praiticiúla a bhfuil baint acu le carthanacht Chríostaí, maoirseacht na cruthaitheachta agus ceartas sóisialta, cuidítear le páistí fás ó thaobh feasachta morálta agus imní iontaofa Críostaí a bheith acu do dhínit an duine agus do shláine na cruthaitheachta. Trí oibriú le daoine eile ar thionscadail taighde agus ar ghníomhaíochtaí oideachais eile múintear freagracht agus idirspleáchas.

**Litearthacht Spioradálta a Fhorbairt**
Déantar iarracht leis an gcuraclam spioradáltacht Chríostaí a chothú (féach gluais). Cothaíonn scileanna de litearthacht spioradálta forbairt ar fheasacht spioradálta chomh maith le samhlaíocht shacraimintiúil agus fháidheadóireachta. Cuirtear ar chumas páistí cleachtais spioradálta Chríostaí a aithint a chuideoidh lena mbeatha spioradálta. Áirítear le litearthacht spioradálta a bheith ag machnamh go criticiúil agus go cruthaitheach ar cheisteanna móra, ar shaincheisteanna eiticiúla agus na dúshláin don spioradáltacht Chríostaí ó chreata eile brí a fhaightear i gcultúr na hÉireann.

**Litearthacht Idir-Reiligiúnach a Fhorbairt**
Cuireann scileanna de litearthacht idir-reiligiúnach ar chumas páistí teanga poiblí an reiligiúin a phlé go poiblí; tuiscint agus léirthuiscint a fháil ar an áit atá ag creidimh agus ag cleachtais reiligiúnacha agus fhealsúnacha i saol an duine; tuiscint ar an ngá atá le hidirphlé i measc Críostaithe; cumhachtaí comhbhá agus íogaireacht do dhaoine a bhfuil reiligiún agus creidimh eile acu; scrúdú a dhéanamh ar chreidimh agus ar chleachtaí reiligiúin dhomhanda eile; agus a bheith i mbun cainte le daoine a bhfuil reiligiúin agus creidimh eile acu; feasacht a chothú ar luachanna roinnte mar cheartas, síocháin, dínit an duine daonna agus oscailtecht don tarchéimnitheach.

**Scileanna**

- déantar cur síos ar na torthaí leathana ba cheart do pháistí a bheith ar eolas acu agus a thuiscint, agus conas a rachaidh siad i ngleic le hábhar an Oideachais Reiligiúnaigh
- breithneofar scileanna i gcomhar leis an 'Eolas agus Coincheapa' atá léirithe ag gach leibhéal (Nóta: clúdófar scileanna agus coincheapa éagsúla ag an am céanna i gceachtanna)
- cuirfear in ord iad ó thaobh coincheapa de feadh na leibhéil. Tá torthaí ag gach leibhéal éagsúil ó thaobh cáilíochta ó na torthaí ag na leibhéil roimhe sin agus ina dhiaidh sin. Cuidíonn an t-ordú sin feadh na leibhéil le múinteoirí agus gníomhaíochtaí foghlama á bpleanáil acu chun freastal ar chumais éagsúla na ndaltaí
- rachfar ar ais chucu ag gach leibhéal mar is cuí. (Féach Aguisín A do shampla mar a thugtar torthaí foghlama chun cinn agus a ndéanfar forbairt bhreise orthu ag gach leibhéal den churaclam bíseach)
- úsáidfear iad chun raon torthaí/cuspóirí foghlama *sonracha* a fhorbairt atá saincheaptha do riachtanais aonair na ndaltaí. Ionchorpróidh na torthaí sin téarmaí a bhfuil gach cineál cumarsáide briathartha agus neamhbhriathartha san áireamh, lena n-áirítear comharthaíocht agus úsáid áiseanna cumarsáide
- ceadófar d'éagsúlacht agus d'oiriúnú do riachtanais speisialta
- is féidir úsáid a bhaint astu agus measúnú á dhéanamh don fhoghlaim agus d'úsáid shuimitheach
- is féidir iad a úsáid ar bhealach idirghaolmhar agus comhlántach d'fhonn pleanála agus measúnachta.




**Torthaí Foghlama Lánroghnacha**

Déan cur síos ar scileanna litearthachta reiligiúnach a bhreithnítear nach bhfuil riachtanach ag leibhéal ar leith. Go minic, forbraítear iad sin do pháistí a sáraíonn gnóthachtáil na bpáistí sin go suntasach an leibhéal ionchais gnóthachtála ag aon leibhéal. Chomh maith le bheith ag tarraingt ar ábhair ó leibhéil níos déanaí staidéir, féadfaidh múinteoirí éagsúlacht bhreise a phleanáil trí shíneadh a chur le fairsinge agus le doimhneacht an staidéir lasmuigh den churaclam. Ag amanna eile, féadfaidh scoileanna agus múinteoirí torthaí foghlama lánroghnacha a fhorbairt atá sonrach do chomhthéacs phobal na scoile áitiúil agus do riachtanais agus leasanna na bpáistí aonair nó grúpaí páistí.

## Spriocanna chun an Creideamh a Mhúnlú

Cuidíonn sraith 'spriocanna chun an creideamh a mhúnlú' leis na torthaí don Oideachas Reiligiúnach do gach leibhéal. Cé go bhfeictear Oideachas Reiligiúnach mar dhisciplín scolaíoch agus éagsúil ón gcaiticéis (GDC 73; RDECS 68), tá sé mar aidhm leis an gcuraclam don Oideachas Reiligiúnach Caitliceach seo tacú le forbairt creideamh na bpáistí baiste agus go ndíreofar ar an gcaidreamh atá á fhorbairt acu le hÍosa Críost. Mar sin, cinnteoidh múinteoirí go gcuirfear 'spriocanna chun an creideamh a mhúnlú' san áireamh i ngach ceacht. Mar shampla, cé go mbeidh páistí ag foghlaim faoi scéal naomh éigin mar thoradh ar Oideachas Reiligiúnach, meastar go lorgóidh siad aithris a dhéanamh ar shaol an naoimh, mar sprioc chun an creideamh a mhúnlú. Mar achoimre, cinntíonn soláthar spriocanna chun an creideamh a mhúnlú go gcoimeádtar an fócas acadúil sonrach ar an Oideachas Reiligiúnach agus aithnítear an ghné chun an creideamh a mhúnlú den disciplín a bhíonn gaolmhar go minic le spriocanna caiticeasmacha.

## Snáithaonaid

Tá eolas agus coincheapa sna snáithaonaid lena mbaineann na nithe seo a leanas:

- tá an t-ábhar maidir le teagasc ann atá ordaithe ag Comhdháil Easpag na hÉireann. Is ionann an t-ábhar sin agus léiriú ar theagasc na hEaglaise Caitlicí mar atá le fáil i gcáipéisí oifigiúla, go háirithe *Caiticeasma na hEaglaise Caitlicí* agus Eolaire Náisiúnta don Chaiticéis, *Share the Good News*
- scríofa chun go bhfuil an teanga inrochtaine do mhúinteoirí/scríbhneoirí clár agus tagairt déanta do Scrioptúir Naofa agus do cháipéisíocht oifigiúil na hEaglaise. Is féidir féachaint ar na cáipéisí sin chun breis eolais a fháil ar choincheap ar leith[16]
- is féidir le múinteoirí agus le scríbhneoirí clár an t-ábhar a chur in oiriúint de réir aoise, cultúir, eispéiris agus cumas páistí (cf. DP 70; EG 11, 27, 41)
- léirítear cá háit a ndéantar ábhar ordaithe a chur i láthair ar dtús de ghnáth. Déantar ábhar a ordaítear le tabhairt i láthair ag céim áirithe den scolaíocht a athbhreithniú agus a iniúchadh níos doimhne ag céimeanna níos déanaí
- féadfar eolas a roghnú ó leibhéil níos luaithe nó níos déanaí chun go bhféadfaidh páistí aonair dul chun cinn a dhéanamh agus na nithe is féidir leo a dhéanamh a léiriú. Nuair is cuí do pháistí is féidir úsáid ollmhór a bhaint as ábhar ó chéim níos luaithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh am ann gach gné de na leibhéil staidéir a bhaineann le haois a mhúineadh.

**Nóta:** chun achoimre a fháil ar na snáitheanna agus na snáithaonaid féach Aguisín C.

Déantar cur síos leis an **gcuraclam bíseach** ar shraith chun **scileanna** agus **eolas** a fhorbairt. Soláthraíonn na scileanna agus an t-eolas bunús don phleanáil d'fhorchéimniú cliathánach (ag leathnú agus ag saibhriú) agus d'fhorchéimniú ingearach (ag éirí níos dúshlánaí).

[16] Tá comhairle sa réamhrá le *Caiticeasma na hEaglaise Caitlicí* nach mór do mhúinteoirí 'an méid a bhíonn siad a rá a chur in oiriúint d'aibíocht agus do thuiscint na ndaoine a bhíonn ag éisteacht leo' (ChEC 24).